Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12574/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0307(COD)**

**MI 708**
**CODEC 1520**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 502 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 502 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 502 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.9.2023
COM(2023) 502 final

2023/0307 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chun go n-oibreoidh saoirsí bunúsacha an mhargaidh inmheánaigh do shaoránaigh an Aontais, tá sé ríthábhachtach cáilíochtaí gairmiúla le haghaidh rochtain ar ghairmeacha rialáilte a aithint go tapa agus go héifeachtúil.. Le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla'), leagtar amach na rialacha maidir le haitheantas trasteorann a thabhairt do cháilíochtaí le haghaidh rochtain ar ghairmeacha rialáilte, chomh maith le híoscheanglais oiliúna do roinnt gairmeacha, lena n-áirítear altraí atá freagrach as cúram ginearálta.

Faoin Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, ar iarratas ón sealbhóir agus gan coinníollacha breise, aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí altraí atá freagrach as cúram ginearálta atá ag saoránaigh an Aontais a chomhlíonann na híoscheanglais faoin Treoir má liostaítear fianaise na gcáilíochtaí sin faoin iarscríbhinn ábhartha. Baineann an fhianaise sin le hoiliúint ar cuireadh tús léi tar éis an dáta tagartha, oiliúint a chomhfhreagraíonn de ghnáth do dháta aontachais AE na tíre ina bhfuarthas an cháilíocht. Thairis sin, tá sé de cheangal ar na Ballstáit aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí áirithe nach gcomhlíonann na híoscheanglais i gcás inar féidir leis an iarratasóir líon sonrach blianta de thaithí ghairmiúil a chruthú, mar a leagtar amach sna forálacha maidir le cearta faighte. Ar deireadh, dóibh siúd nach féidir leo leas a bhaint as ceachtar den dá fhéidearthacht sin, beidh feidhm, i bprionsabal, leis an gcóras ginearálta aitheantais. Faoin gcóras sin, má tá difríochtaí substaintiúla idir cáilíochtaí an iarratasóra agus na cáilíochtaí a éilítear sa Bhallstát óstach nach féidir a chumhdach le heolas agus scileanna agus inniúlachtaí arna sealbhú ag an iarratasóir le linn a dtaithí ghairmiúil nó trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, féadfaidh an Ballstát óstach bearta cúitimh a éileamh i bhfoirm trialach inniúlachta nó tréimhse oiriúnaithe ón iarratasóir sula ndeonaítear rochtain ar an ngairm rialáilte. Mura féidir le saoránach den Aontas tairbhe a bhaint as aon chóras aitheantais faoi Threoir 2005/36/CE, ní mór don Bhallstát óstach an t-iarratas a mheasúnú i bprionsabal faoi rialacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus faoi chásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE).

Is próiseas casta é aitheantas a eagrú do cháilíochtaí altraí atá freagrach as cúram ginearálta le linn aontachas leis an Aontas Eorpach. Is éard atá i gceist leis na cláir oiliúna atá ann cheana a oiriúnú chun a áirithiú, ó dháta an aontachais, nach féidir le mic léinn clárú ach amháin i gcúrsaí oiliúna comhlíontachta. Ina theannta sin, ní mór do dhaoine aonair a thosaigh ar oiliúint neamhchomhlíontachta roimh an dáta tagartha ceanglais bhreise a chomhlíonadh sular féidir leo tairbhe a bhaint as aitheantas trasteorann.

Chun aitheantas a éascú do cháilíochtaí altraí atá freagrach as cúram ginearálta nár chomhlíon a gcáilíochtaí na híoscheanglais tráth an aontachais, tá clár uasghrádaithe curtha ar bun ag an Rómáin tar éis moladh a tugadh isteach in aithris 36 de Threoir 2013/55/AE lenar leasaíodh Treoir 2005/36/CE.

---

[1] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

Thug an Rómáin an clár isteach trí Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014[2]. Rinne an tOrd Rómánach um Altraí, Cnáimhseacha agus Cúntóirí Leighis agus an tOrdú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 é a fhormhuiniú.[3].

Sular seoladh é, pléadh ábhar an chláir leis an gCoimisiún agus le saineolaithe ó na Ballstáit. Rinne na saineolaithe anailís ar an oiliúint a chuir an Rómáin ar fáil san am a chuaigh thart ar leibhéil iar-mheánoideachais agus ardoideachais chun a chinneadh a mhéid a chomhlíon siad na híoscheanglais faoin Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla. Dearadh na cúrsaí uasghrádaithe ina dhiaidh sin chun na bearnaí a sainaithníodh a líonadh. Chun an clár uasghrádaithe a chur chun feidhme ar leibhéal iar-mheánscoile, d'eagraigh an Aireacht Rómánach um Oideachas Náisiúnta, an Aireacht Sláinte, an tOrd Rómánach um Altraí, Cnáimhseacha agus Cúntóirí Leighis, agus an Coimisiún Náisiúnta um Chreidiúnú Ospidéal ocht seisiún 'oiliúint don oiliúnóir' le saineolaithe ó roinnt Ballstát idir 2013 agus 2014.

Thosaigh an clár uasghrádaithe sa bhliain acadúil 2014/2015. De réir na hAireachta Rómánaí um Oideachas agus Taighde, faoi dheireadh na bliana acadúla 2018/2019, rinne 23 chéimí ardoideachais agus níos mó ná 3 000 céimí iar-mheánscoile an cúrsa.

Chuir an Rómáin cur chun feidhme an chláir uasghrádaithe i láthair na mBallstát sa ghrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint i mí an Mhárta agus i mí na Bealtaine 2018.

Leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, mar is infheidhme faoi láthair, ní chuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit óstacha aitheantas uathoibríoch a thabhairt do cháilíochtaí altraí a bhfuil an clár uasghrádaithe curtha i gcrích go rathúil acu. Leis na rialacha atá ann faoi láthair, ní chuirtear d'oibleagáid ar an mBallstát óstach ach an clár uasghrádaithe a mheas mar fhianaise ar scileanna breise agus ar eolas breise a fuarthas ar bhonn cás ar chás mar chuid den phróiseas aitheantais faoin gcóras ginearálta. Mar sin féin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha na Treorach maidir le cearta faighte d'altraí Rómánacha tar éis measúnú a dhéanamh ar thorthaí an chláir uasghrádaithe. Rinneadh an measúnú sin a fhoilsiú i dtuarascáil ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2020[4].

Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag moladh leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar na rialacha maidir le cearta faighte speisialta a leagtar síos in Airteagal 33(a) de Threoir 2005/36/CE chun an próiseas aitheantais a éascú d'altraí atá freagrach as cúram ginearálta a bhfuil clár uasghrádaithe na Rómáine curtha i gcrích acu. Is é sin, molann an Coimisiún gur cheart go mbainfeadh na haltraí sin tairbhe as aitheantas faoi chearta faighte speisialta gan an gá a bheith ann taithí ghairmiúil a chruthú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tugadh isteach cearta faighte speisialta, lena n-áirítear an fhéidearthacht clár uasghrádaithe a leanúint, le haghaidh altraí agus cnáimhseacha Polannacha a thosaigh nó a chuir a gcuid

---

[2] Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir uasghrádaithe speisialta le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014).

[3] Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár uasghrádaithe speisialta a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015).

[4] COM/2020/191 final agus SWD/2020/79 final.

oiliúna i gcrích roimh aontachas na Polainne leis an Aontas. Tá an togra seo comhsheasmhach leis an gcur chuige a glacadh roimhe seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 46, Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta a mhéid nach bhfuil an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

Níorbh fhéidir aidhm na Treorach a bhaint amach go leordhóthanach trí ghníomhaíocht ó na Ballstáit ós rud é go mbeadh ceanglais éagsúla ann mar thoradh air sin, rud a chruthódh bacainní ar shoghluaisteacht trasteorann na ngairmithe atá i gceist agus a chruthódh go gcaithfí go héagsúil le daoine difriúla. Ciallaíonn athruithe ar an gcóras dlí atá ann faoi láthair leasú a dhéanamh ar Threoir atá ann cheana, rud nach féidir a dhéanamh ach le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Faoi phrionsabal na comhréireachta, éilítear go mbeadh aon ghníomhaíocht a dhéanfaí spriocdhírithe agus nach rachadh sí níos faide ná mar is gá chun na cuspóirí a bhaint amach. Comhlíonann na leasuithe atá beartaithe an prionsabal sin ós rud é go bhfuil siad teoranta don mhéid is gá chun aitheantas a éascú do cháilíochtaí altraí atá freagrach as cúram ginearálta a bhfuil clár uasghrádaithe na Rómáine curtha i gcrích go rathúil acu.

## 3. TORTHAÍ NA GCOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit in 2018 trí ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin, an grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint[5]. Rinne saineolaithe na mBallstát anailís ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid a chuir an Rómáin ar fáil maidir le cur chun feidhme an chláir agus sheol siad aiseolas maidir le torthaí an chláir chuig an gCoimisiún. Thug an Rómáin freagra sásúil ar na ceisteanna agus ar na barúlacha uile ó na Ballstáit. Níor chuir aon Bhallstát i gcoinne an togra gur cheart do na céimithe leas a bhaint as córas aitheantais níos fabhraí ná mar a fhoráiltear faoi láthair san fhoráil maidir le ceart faighte, i.e. gan gá a bheith ann an ceanglas maidir le taithí ghairmiúil shonrach a chomhlíonadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach mhór ag an tionscnamh seo. I dtéarmaí na n-acmhainní riaracháin atá ag teastáil sna Ballstáit chun iarrataí ar aitheantas a phróiseáil, cuideoidh an tionscnamh seo leis an ualach riaracháin atá ann faoi láthair a laghdú. In ionad an chórais ghinearálta aitheantais atá níos fadálaí, beidh feidhm ag na forálacha leasaithe maidir le cearta faighte i dtaca le céimithe an chláir uasghrádaithe, rud a chumasóidh próiseas aitheantais uathoibríoch.

---

5 IO L 79, 20.3.2007, lgh. 38-39.

## 5. MÍNIÚ MIONSONRAITHE AR FHORÁLACHA SONRACHA AN TOGRA

### 5.1. Forálacha na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a bhfuil feidhm acu faoi láthair maidir le fianaise Rómánach ar cháilíochtaí mar altra atá freagrach as cúram ginearálta

Faoi Airteagal 21(1) den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, baineann saoránaigh den Aontas leas as aitheantas uathoibríoch más rud é: (i) go bhfuil fianaise Rómánach acu ar cháilíochtaí mar altra atá freagrach as cúram ginearálta mar a liostaítear faoi phointe 5.2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir; agus (ii) gur cuireadh tús lena n-oiliúint tar éis dháta aontachais an 1 Eanáir 2007 agus go gcomhlíonann an oiliúint na híoscheanglais faoin Treoir.

Saoránaigh den Aontas a bhfuil fianaise acu ar cháilíochtaí Rómánacha mar altra atá freagrach as cúram ginearálta nach gcomhlíonann a n-oiliúint na híoscheanglais, tá siad incháilithe d'aitheantas faoi na forálacha maidir le cearta faighte a leagtar síos in Airteagal 33(a) den Treoir má chomhlíonann siad na ceanglais faoin airteagal seo. Is é sin, go bhfuil a bhfianaise ar cháilíochtaí ar cheann de na cinn a liostaítear san Airteagal seo: (a) *Certificat de competențe profesionale de asistent medical generalist* le hoideachas iar-mheánscoile a fuarthas ó *școală postliceală*, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Eanáir 2007; nó (b) *Diplomă de absolvire de asistent medical generalist* le staidéar ardoideachais gearr-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003; nó (c) *Diplomă de licență de asistent medical generalist* le staidéar ardoideachais fad-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003. Ina theannta sin, ní mór dóibh taithí ghairmiúil a léiriú mar a shonraítear san airteagal céanna, i.e. trí dheimhniú a chur ar fáil ina luaitear go raibh siad ag gabháil go héifeachtach agus go dleathach do ghníomhaíochtaí altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin, lena n-áirítear freagracht iomlán a ghlacadh as pleanáil, eagrú, agus cur i gcrích an chúraim altranais othar, ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile ar a laghad le linn na 5 bliana roimh dháta eisiúna an deimhnithe.

Saoránaigh den Aontas a bhfuil fianaise acu ar cháilíochtaí gairmiúla mar altra atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin ach nach gcomhlíonann na ceanglais maidir le haitheantas faoi Airteagal 21(1) nó Airteagal 33(a) den Treoir, déanann na Ballstáit óstacha measúnú ar a gcáilíochtaí faoin gcóras ginearálta aitheantais. Déantar an measúnú sin i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 den Treoir. Faoin gcóras ginearálta, má tá difríochtaí substaintiúla san oiliúint idir cáilíochtaí an iarratasóra agus iad siúd a éilítear sa Bhallstát óstach, agus mura féidir na bearnaí sin a líonadh trí thaithí ghairmiúil nó trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, féadfaidh an Ballstát óstach bearta cúitimh a fhorchur i bhfoirm trialach inniúlachta nó tréimhse oiriúnúcháin.

Mura féidir leis an saoránach den Aontas a bhfuil cáilíochtaí Rómánacha aige leas a bhaint as aon chóras aitheantais faoin Treoir, ní mór don Bhallstát óstach an t-iarratas a mheasúnú faoi rialacha CFAE agus faoi chásdlí ábhartha CBAE.

### 5.2. Forálacha sonracha an togra

#### 5.2.1. Aitheantas éascaithe faoi chearta faighte a bhaineann go sonrach le céimithe chlár uasghrádaithe na Rómáine

Molann an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha maidir le cearta faighte is infheidhme i dtaca le cáilíochtaí Rómánacha mar altra atá freagrach as cúram ginearálta (Airteagal 33(a) den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla). Cuirtear san áireamh san athbhreithniú torthaí na gclár uasghrádaithe a chuirtear ar fáil ar leibhéal iar-mheánscoile agus

ardoideachais agus áirithítear leis gur féidir le céimithe tairbhe a bhaint as cearta faighte gan an gá a bheith ann taithí ghairmiúil a chruthú. Chuige sin, tá sé beartaithe mír nua a chur le hAirteagal 33(a) den Treoir.

Sa mhír nua (mír 3) atá beartaithe, tagraítear i bpointe (a) don fhianaise ar cháilíochtaí ar ceadaíodh d'altraí freastal ar na cláir uasghrádaithe ar a mbonn, is é sin an fhianaise a liostaítear in Airteagal 33(a) den Treoir, chomh maith le fianaise ar leibhéal iar-mheánscoile dá dtagraítear in Airteagal 4 d'Ordú na Rómáine Uimh. 5114 an 15 Nollaig 2014: (*(a) Diplomă de absolvire a Şcolii Tehnice Sanitare (1978); b) Diplomă/Certificat de absolvire a Şcolii Postliceale/Certificat de competenţe profesionale (liceu sanitar plus curs de echivalare şcoală postliceală cu durata de 1 an); c) Diplomă de absolvire a Şcolii Postliceale Sanitare (1991 - 1994); d) Certificat de absolvire a Şcolii Postliceale Sanitare (1992 - 1995); e) Certificat de competenţe profesionale (2006 - 2009)).*

Maidir le céimithe iar-mheánoideachais, chuir iar-mheánscoileanna creidiúnaithe poiblí agus príobháideacha an clár ar fáil. Maidir leis an oiliúint féin, tá cúig churaclam uasghrádúcháin shaincheaptha ar leith in Iarscríbhinn I a ghabhann le hOrdú Comhphháirteach Uimh. 4317/943/2014 do shealbhóirí gach cáilíochta iar-mheánscoile a liostaítear mar fhianaise in Airteagal 4 d'Ordú Uimh. 5114 an 15 Nollaig 2014.

Maidir le céimithe ardoideachais, chuir institiúidí ardoideachais creidiúnaithe an clár ar fáil. Tá curaclam saincheaptha amháin do na céimithe sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le hOrdú Comhphháirteach Uimh. 4317/943/2014.

Sa mhír 3 nua atá beartaithe in Airteagal 33(a), tagraítear i bpointe (b) do dhá chineál fianaise ar cháilíochtaí arna n-eisiúint do chéimithe an chláir uasghrádaithe, ag brath ar cé acu de na catagóirí thuas lena mbaineann siad: deimhniú do scileanna gairmiúla a uasghrádú (*certificatul de revalorizare a competenţelor profesionale*) le haghaidh céimithe iar-mheánoideachais agus céim Baitsiléara (*diplomă de licenţă*) do chéimithe ardoideachais.

**5.2.2. Aitheantas faoi chearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí Rómánacha nár lean an clár uasghrádaithe**

Leis na cearta speisialta faighte is infheidhme, a leagtar síos in Airteagal 33(a) de Threoir 2005/36/CE, ceadaítear do náisiúnaigh Ballstáit ag a bhfuil fianaise ar cháilíochtaí a leagtar amach san Airteagal seo aitheantas a fháil dá gcáilíochtaí Rómánacha i mBallstát eile má sholáthraíonn siad deimhniú ar thaithí ghairmiúil lena gcomhlíontar na critéir shonraithe. Ba cheart feidhm leanúnach a bheith ag na cearta faighte sin maidir le haltraí sa chás a thuairiscítear in Airteagal 33(a) nár lean an clár uasghrádaithe.

**5.2.3. Cur i bhfeidhm an chórais ghinearálta (Caibidil I de Theideal III den Treoir)**

I gcomhréir le hAirteagal 10 den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, beidh feidhm ag an gcóras ginearálta aitheantais maidir le gach gairm nach gcumhdaítear le Caibidil II agus III de Theideal III den Treoir. Beidh feidhm ag an gcóras freisin i gcásanna a liostaítear in Airteagal 10 i gcás nach gcomhlíonann an t-iarratasóir, de thairbhe cúiseanna sonracha agus eisceachtúla, na coinníollacha a leagtar síos sna Caibidlí sin. Faoi Airteagal 10(b), áirítear sna cásanna sin, maidir le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta, cás nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na ceanglais maidir le cleachtas gairmiúil éifeachtach agus dleathach dá dtagraítear in Airteagal 33. Baineann Airteagal 33 le cearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta agus baineann Airteagal 33(a) le cearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin. Ní luaitear an dara ceann go sonrach in Airteagal 10(b). Ionas nach mbeidh aon amhras ann maidir le hinfheidhmeacht an chórais ghinearálta maidir le haltraí nach féidir leas

a bhaint as cearta faighte faoi Airteagal 33(a), molann an Coimisiún tagairt d'Airteagal 33(a) a chur isteach in Airteagal 10(b).

2023/0307 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46, Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le cearta faighte i dtaca le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla áirithe mar altra atá freagrach as cúram ginearálta arna eisiúint sa Rómáin.

(2) Altraí atá freagrach as cúram ginearálta nár chomhlíon a n-oiliúint na híoscheanglais faoi Threoir 2005/36/CE agus ar cuireadh tús lena n-oiliúint roimh aontachas na Rómáine leis an Aontas, is féidir leo leas a bhaint as aitheantas faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE má chomhlíonann siad na ceanglais a shonraítear ann. Mura gcomhlíontar na ceanglais sin, déanann an Ballstát óstach an t-iarratas ar aitheantas a mheasúnú faoin gcóras ginearálta aitheantais i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Threoir 2005/36/CE.

(3) Níl aon tagairt shonrach d'Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE in Airteagal 10(b) de bharr earráide. Chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag Airteagail 10 go 14 de Threoir 2005/36/CE i gcás nach gcomhlíonann an t-altra na ceanglais faoi Airteagal 33a, ba cheart an earráid sin a cheartú.

(4) Tá clár uasghrádaithe speisialta curtha ar bun ag an Rómáin chun a chur ar a gcumas do rannpháirtithe a gcáilíochtaí gairmiúla a uasghrádú chun na híoscheanglais oiliúna

6 IO C , , lch. .

7 Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

ar fad a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE maidir le gairm na n-altraí atá freagrach as cúram ginearálta a chomhlíonadh. Chun na críche sin, rinne an Rómáin idirchaidreamh roimh ré leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

(5) Thug an Rómáin an clár isteach trí Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014[8]. Rinne an tOrd Rómánach um Altraí, Cnáimhseacha agus Cúntóirí Leighis agus an tOrdú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 é a fhormhuiniú.[9].

(6) Bunaíodh an clár uasghrádaithe speisialta sin le haghaidh sealbhóirí fianaise ar cháilíochtaí gairmiúla dá dtagraítear in Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE, chomh maith le sealbhóirí fianaise ar cháilíochtaí iar-mheánscoile áirithe a liostaítear in Airteagal 4 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014.

(7) In 2018 chuir an Rómáin torthaí an chláir uasghrádaithe speisialta faoi bhráid an ghrúpa saineolaithe ábhartha (Grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint) agus, tar éis comhairliúchán, níor chuir aon Bhallstát i gcoinne an mholta gur cheart do na céimithe leas a bhaint as córas aitheantais níos fabhraí.

(8) An 11 Bealtaine 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún, faoi Airteagal 60(2) de Threoir 2005/36/CE, tuarascáil maidir le torthaí an chláir uasghrádaithe speisialta[10]. Is é conclúid na tuarascála go ndearna an Rómáin an clár uasghrádaithe a caibidlíodh leis na Ballstáit roimh ré a chur chun feidhme chun é a chur ar a gcumas dá rannpháirtithe a gcáilíochtaí a uasghrádú chun na híoscheanglais a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE a chomhlíonadh.

(9) Chun an clár uasghrádaithe speisialta a chur san áireamh sna critéir maidir le haitheantas a thabhairt faoi chearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin, is iomchuí Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE a oiriúnú ionas gur féidir le haltraí a bhfuil fianaise ábhartha acu maidir leis an gclár a chur i gcrích tairbhe a bhaint as aitheantas gan gá a bheith ann taithí ghairmiúil sa Rómáin a chruthú, mar atá faoi láthair.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú agus a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear agus ceartaítear Treoir 2005/36/CE mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) le haghaidh dochtúirí a bhfuil oiliúint bhunúsach acu, dochtúirí speisialaithe, altraí atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóirí déidliachta, cleachtóirí déidliachta speisialaithe,

8 Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir uasghrádaithe speisialta le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014).

9 Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár uasghrádaithe speisialta a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015).

10 COM/2020/191 final agus SWD/2020/79 final.

tréidlianna, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus ailtirí, nuair nach gcomhlíonann an t-imirceach na ceanglais maidir le cleachtas gairmiúil éifeachtach agus dleathach dá dtagraítear in Airteagail 23, 27, 33, 33a, 37, 39, 43 agus 49;'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33(a):

'Airteagal 33(a)

Cearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin

1. A mhéid a bhaineann leis an gcáilíocht Rómánach mar altra atá freagrach as cúram ginearálta, ní bheidh feidhm ach ag na forálacha maidir le cearta faighte a leagtar síos i míreanna 2 agus 3.

2. I gcás náisiúnach ó Bhallstáit ar cuireadh oiliúint orthu mar altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin agus nach gcomhlíonann a gcuid oiliúna na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos in Airteagal 31, tabharfaidh na Ballstáit aitheantas d'aon cheann den fhianaise seo a leanas ar cháilíochtaí foirmiúla mar altra atá freagrach as cúram ginearálta mar chruthúnas leordhóthanach, ar an gcoinníoll go bhfuil deimhniú ag gabháil leis an bhfianaise sin ina luaitear go raibh na náisiúnaigh sin as na Ballstáit ag gabháil go héifeachtach agus go dleathach do ghníomhaíochtaí altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin, lena n-áirítear freagracht iomlán a ghlacadh as cúram altranais othar a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích, ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile ar a laghad sna 5 bliana roimh dháta eisiúna an deimhnithe:

(a) *Certificat de competențe profesionale de asistent medical generalist*le hoideachas iar-mheánscoile a fuarthas ó *școală postliceală*, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Eanáir 2007;

(b) *Diplomă de absolvire de asistent medical generalist*le staidéar ardoideachais gearr-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003;

(c) *Diplomă de licență de asistent medical generalist* le staidéar ardoideachais fad-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003.

3. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas don fhianaise seo a leanas ar cháilíocht fhoirmiúil mar altra atá freagrach as cúram ginearálta:

(a) an fhianaise ar cháilíocht fhoirmiúil dá dtagraítear i mír 2, chomh maith leis an bhfianaise ar cháilíochtaí foirmiúla ar leibhéal iar-mheánoideachais a liostaítear faoi Airteagal 4 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár uasghrádaithe speisialta a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015). ar choinníoll go mbeidh ceachtar díobh seo a leanas ag gabháil leis an bhfianaise sin:

(b) fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a fuarthas ar bhonn cláir uasghrádaithe speisialta:

(i) *Diplomă de licență* dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir uasghrádaithe speisialta le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014), agus forlíonadh

dioplóma ag gabháil leis ina luaitear gur chuir an mac léinn an clár uasghrádaithe speisialta i gcrích, nó

(ii) *Certificatul de revalorizare a competenţelor profesionale* dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Ordú Comhpháirteach ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte Uimh. 4317/943/2014 an 11 Lúnasa 2014 agus in Airteagal 16 den Ordú ón Aire Oideachais Náisiúnta Uimh. 5114/2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár uasghrádaithe speisialta a eagrú, a sheoladh agus a chur i gcrích le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an [1] Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015).’.

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: 1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*